Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022
(OR. fr)

9511/22

LIMITE

PECHE 182

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tacaíocht an Aontais don Chomhghuaillíocht um Bia Gorm/Uisceach ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin<br>– Formheas ionstraime neamhcheangailtí |

1. Ag ócáid eile ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin (an 27 Meitheamh – 1 Iúil 2022), iarrfar ar an Aontas agus ar na toscaireachtaí eile a dtacaíocht a thabhairt go poiblí don Chomhghuaillíocht um Bia Gorm/Uisceach. Tá an Chomhghuaillíocht seo ar cheann de roinnt comhghuaillíochtaí domhanda a bunaíodh tar éis Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bia i mí Mheán Fómhair 2021 chun córais bia níos cuimsithí, níos athléimní, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a áirithiú faoi 2030. Go sonrach, tá sé mar aidhm ag an gComhghuaillíocht um Bia Gorm/Uisceach an méid a leanas a dhéanamh:
   - acmhainneacht iomlán an bhia inbhuanaithe uiscigh a bhaint amach;
   - comhtháthú an bhia uiscigh a chur chun cinn sa chinnteoireacht agus sna mbeartais lena bhféadfar daonra atá ag dul i méid i dtimpeallacht atá ag athrú a chothú;
   - cur le geilleagar gorm rathúil agus le pobail a mbeidh teacht aniar iontu.

2. An 16 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún Eorpach in iúl don Chomhairle go raibh sé ar intinn aige, thar ceann an Aontais, tacú leis an gComhghuaillíocht um Bia Gorm/Uisceach, ar bhonn an téacs atá in 9509/22 (lgh. 5-8). Ionstraim neamhcheangailteach nach dtagann as caibidlíocht a bheadh sa téacs seo agus ní dhéanfar é a chaibidil, cé gur chuir an Coimisiún in iúl don Chomhairle go gcaithfí foclaíocht bheacht an téacs a bhailchríochnú.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an téacs an 19 Bealtaine agus d'aontaigh sí gur cheart don Aontas tacú leis an gComhghuaillíocht.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe dá réir sin an méid a leanas a dhéanamh:

- formheas na Meithle maidir le tacaíocht an Aontais don Chomhghuaillíocht um Bia Gorm/Uisceach, a dhearbhú;
- a mholadh don Chomhairle téacs na hionstraime, mar a leagtar amach in 9509/22 (lgh. 5-8) é, a fhormheas ag cruinniú a bheidh ann amach anseo, agus a údarú don Choimisiún, más gá, glacadh le mionleasuithe ar an téacs, ar choinníoll nach ndéanfaidh na leasuithe sin difear do shubstaint ná do chuspóir an téacs.

PUBLIC